2023/2259

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEEUimh. 106/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2259]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2336 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí CO_2 áirithe in aghaidh an mhonaróra chomh maith le meánastaíochtaí sonracha CO_2 gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh tréimhse tuairiscithe 2020 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 21azkaaa (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1859 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'21azkab. **32022 D 2336**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2336 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí CO_2 áirithe in aghaidh an mhonaróra chomh maith le meánastaíochtaí sonracha CO_2 gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh tréimhse tuairiscithe 2020 (IO L 309, 30.11.2022, lch. 8).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2336 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 398/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 309, 30.11.2022, lch. 8.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN